| Robert Gavin, Baile Átha Troim | €5,100 |
| Buk Now, Dún Búinne | €1,043 |
| Laurence O'Reilly, Cill Mhaighneann | €1,225 |
| Geraldine Jennings, Dún Uabhair | €2,612 |
| Quantum Manufacturing, An Uaimh | €2,625 |
| Niall Reynolds, An Bóthar Mín | €3,625 |
| **Iomlán na nÍocaíochtaí 1993-2003** | €209,762.96 |
| **Íocaíochtaí ar Dheontais 2004** | |
| **Staidéir Féidearthachta/Cúnamh Teicniúil** | |
| Mimi Toys, Cnoc an Línsigh | €800 |
| Stonemac Limited, Dún Búinne | €750 |
| Betty Newman Maguire, Ceanannas | €1,238 |
| Oldcastle Laboratories Limited, An Seanchaisleán | €5,100 |
| **Iomlán na nÍocaíochtaí 2004** | **€7,888** |
| **Iomlán Staidéir Féidearthachta/Cúnamh Teicniúil** | **€217,651** |

## Íocaíochtaí ar Dheontais
## *Go dtí 31 Nollaig, 2001*
## *Deontais Cúraim Leanaí*

| | |
|---|---|
| Philomena Weldon, Cill Choca | IR£1,000.00 |
| Correna Grant, Baile Íomhair | IR£2,000.00 |
| Jean Regan, Cill Dhéagláin | IR£5,000.00 |
| Caroline McDonnell, Kentstown | IR£2,000.00 |
| Melanie Bell, Dún Uabhair | IR£4,000.00 |
| Patrick Savage, An Uaimh | IR£7,000.00 |
| Marian Guckian, Kilcloon | IR£1,000.00 |
| Carol English, An Uaimh | IR£4,000.00 |
| Ratoath Childcare, Ráth Tó | IR£20,000.00 |
| **Iomlán** | **IR£46,000.00**<br>**Nó €58,407.95** |

## Íocaíochtaí ar Dheontais 2002

### *Deontais Cúraim Leanaí*

| | |
|---|---|
| Kathleen Dillon, Baile Lóibín | € 2,539.48 |
| Teresa Egan, Baile Átha Troim | €5,080 |
| The Old School House, Sláine | € 2,539.48 |
| Marie Falahee, An Uaimh | € 634.86 |
| First Steps, An Uaimh | €8,888.16 |
| Correna Grant, Baile Íomhair | € 2,539.47 |
| Philomena Weldon, Cill Choca | € 1,269.74 |
| Blackwater Playschool, An Uaimh | €15,240 |
| Tiny Tots, Cill Dhéagláin | € 6,348.69 |
| Kentstown Montessori | € 2,539.48 |
| Marian Guckian, Kilcloon | € 1,269.74 |
| Scribbles & Giggles Playschool, Dún Uabhair | € 5,078.95 |
| Ratoath Childcare Centre, Ráth Tó | €25,394.74 |
| **Iomlán na nÍocaíochtaí** | **€137,770.74** |

## Iomlán Íoctha mar Chúnamh Deontais 1993-2004
## €3,456,982

# Achoimre ar Ghníomhaíochtaí Tacaí Seachas Airgead– 2004

# Beart 2

## 1. FORBAIRT AR CHULTÚR FIONTRAÍOCHTA

**Showcase 2005**
Chuir trí chomhlacht, atá mar chliaint ag Bord Fiontar Contae na Mí, eolas fúthu féin ar taispeáint, ar sheastán an Bhoird ag Showcase 2005, an tAonach Ceardaíochta Bliantúil ag an RDS. Reáchtáladh an tAonach Trádála thar tréimhse ceithre lá ó 23ú go dtí an 22ú lá Eanáir. Bhain gach comhlacht a ghlac páirt ann tairbhe as ó thaobh cliaint nua a mhealladh, toisc gur fhreastail an-chuid trádálaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an taispeántas.

**Gradaim Fiontar Náisiúnta**
Bhí cead ag gach comhlacht a fuair tacaíocht ón mBord Fiontar Contae faoi Bheart 1 nó 2 cur isteach ar an gcomórtas seo. Bhuaigh Robo Apply Limited, atá lonnaithe i mBaile Átha Buí, babhta na Mí den chomórtas i 2005.

**Gradaim Fiontar Mac Léinn**
Reáchtáil Bord Fiontar Contae na Mí craobh Ghradaim Fiontar Mac Léinn san Óstán Ardboyne ar an Máirt 23 Márta. Rinne na Boird Fiontar Contae agus Cathrach urraíocht, ar bhonn náisiúnta, ar an gcomórtas. Bhí ar dhaltaí a ngnó féin a chur ar bun chun páirt a ghlacadh sa chomórtas – gnó tionscail nó seirbhíse – agus bhí orthu an gnó a chur ag feidhmiú i gceart!

Seo an naoú bliain as a chéile a d’eagraigh agus a d’urraigh an Bord an t-imeacht seo, a bhfuil mar aidhm aige daltaí a chur ar an eolas faoin domhan tráchtála trí mheán a ngnó tráchtála féin a bhunú agus a rith. Tá na rannpháirtithe idir 12 agus 17 bliain d’aois agus d’éirigh leo go léir a ngnó tionsclaíochta nó seirbhíse a rith ó thús na scoilbhliana. Cuidíonn an scéim seo le cur chun cinn ar chultúr fiontraíochta ó aois óg, atá ar cheann de na príomhaidhemanna ag Bord Fiontar Contae na Mí.

Ghlac trí chéad is a caoga dalta ó chéad is a fhiche grúpa in-scoile páirt sa chomórtas. Ghlac tríocha seacht de na daltaí seo páirt i gcraobh an chontae in iomaíocht d’fhonn áit a fháil sa chraobh náisiúnta mar ionadaithe na Mí in Ostán Tullamore Court ar an Domhnach, 9ú lá Bealtaine.

Ghlac an buaiteoir ó gach ceann de na trí chatagóir - sóisearach, idirmheánach agus sinsearach, páirt sa chraobh náisiúnta thar ceann an Bhoird, a reáchtáladh san Óstán *Tullamore Court* sa Tulach Mhór ar an Domhnach 11 Bealtaine.

Buaiteoirí

| **Catagóir Shóisearach** | |
|---|---|
| Chéad Duais | Orfe Design, Iarbhunscoil St. Oliver , An Seanchaisleán |
| Dara Duais<br>Tríú Duais | Dribs & Drabs Candles, Scoil Phobail Chill Dhéagláin<br>Funky Gifts, Coláiste Pobail Dhún Seachlainn |

| **Catagóir Idirmheánach** | |
|---|---|
| Chéad Duais | 3 Crew, Iarbhunscoil St. Oliver, An Seanchaisleán |
| Dara Duais<br>Tríú Duais | Coastline Creations, Scoil Phobail Chill Dhéagláin<br>Dee Gifts, Coláiste O’Carolan, An Obair |

| **Catagóir Shinsearach** |
|---|

| | |
|---|---|
| Chéad Duais | Encore Entertainment, Coláiste St. Peters, Dún Búinne |
| Dara Duais<br>Tríú Duais | Browne Enterprises, Coláiste Bhaile Mhic Gormáin<br>Youthreach Community Recycling, Youthreach, Baile Átha Troim |

Bhronn An tUasal Nollaig Ó Díomsaigh T.D., Aire Oideachais agus Eolaíochta teastais speisialta ar na fiontraithe scoile go léir ag Craobh Chontae na Mí.

**Léachtaí Scoile**
Lean foireann an Bhoird lena sraith léachtaí, thar ceann an Bhoird, do thríocha rang éagsúla ina raibh tuairim is sé chéad dalta. Chuidigh na léachtaí seo leis na daltaí sa mhéid is go bhfuil na Boird Fiontar luaite ar Shiollabas Staidéir Ghnó na hArdteistiméireachta faoi láthair. Is chun tairbhe na mBord Fiontar na léachtaí seo chomh maith, toisc go gcuireann sé cultúr fiontraíochta chun cinn sa chontae.

**Suíomh Gréasáin na Mí**
Lean an comhairleoir gnó leis an nuashonrú ar shuíomh gréasáin an Bhoird, ar a bhfuil eolas faoin chúrsaí an Bhoird, faoin nuacht is déanaí agus faoin gcúnamh atá ar fáil do fhiontraithe an chontae. Is féidir leo siúd a thugann cuairt ar an suíomh cúnamh deontais a lorg ar-líne, nó is féidir leo clárú ar ár gcláir oiliúna. Tá naisc úsáideacha eile ar an suíomh gréasáin a bheadh inspéise dóibh siúd sa chontae atá ag smaoineamh ar ghnó a thosú, nó atá i mbun gnó cheana féin.

## 2. Comhairleoireacht Ghnó, Comhairle, Faisnéis & Meantóireacht

**Seisiúin Chomhairleoireacta Ghnó**
Ghlac céad daichead a haon fiontraí, fiontraithe reatha agus iad siúd ar spéis leo dul le fiontraíocht, páirt i seisiún comhairleoireachta gnó le Comhairleoir Gnó an Bhoird i 2004. Cuireann na seisiúin seo an cliant ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí an Bhoird agus faoin gcúnamh atá ar fáil dóibh ó fhoinsí eile, maidir le gnó a thosú nó a fhairsingiú. Tá leabharlann ghnó chuimsitheach in oifig an Chomhairleora Gnó freisin, mar aon leis na foirmeacha riachtanacha uile – mar shampla chun comhlacht a chlárú i leith cánach, ainm gnó nó cuideachta teoranta a chlárú. Is í aidhm an Bhoird, trí sheirbhísí an Chomhairleora Ghnó, ná 'Ionad Ilfhreastail' a sholáthar do mhuintir na Mí maidir le faisnéis ghnó.

**Cláir Tosaithe Gnó**
Cuireadh i gcrích go sásúil dhá clár lae agus ceithre clár oíche Tosaithe Gnó i 2004. Ar an iomlán ghlac céad seacht rannpháirtí páirt ann; tríocha cúig ar an gclár lae agus ochtó dó ar an gclár oíche. Ar na  seisiúin seachtainiúla bhí modúil ar nós: "An oirfeadh fiontraíocht domsa?";  "Taighde Margaidh"; "Díolacháin agus Margaíocht"; "Dualgais Dhlíthiúla" (clárú cánach, eintitis dhlíthiúla san áireamh .i. cén bealach trádáil a dhéanamh; "Airgeadas agus Bearta Rialúcháin" (leabharchoimeád agus monatóireacht ar shreabhadh airgid san áireamh); agus ar deireadh "Pleanáil Gnó". Bhí aoichainteoirí éagsúla i láthair chun a saintaithí féin a roinnt le cách.

An aidhm a bhí leis an gclár ná go mbeadh rannpháirtithe tar éis iniúchadh a dhéanamh ar na himpleachtaí go léir a bhaineann le gnó a bhunú agus go mbeidís tar éis plean gnó a chur le chéile a mbeadh úinéireacht agus smacht acu féin air.

**Seimineáir Ghnó**

**Cánachas do Dhaoine Féinfhostaithe**
Reáchtáladh an seimineár lae seo i seomra oiliúna an Bhoird ar an 14ú lá Aibreán. D'fhreastail ocht n-úinéir/mbainisteoir micrea-fhiontair air. An aidhm a bhí leis an seimineár ná na rannpháirtithe a stiúradh, céim ar chéim, trí bhunphrionsabail an chánachais, gnó nua a chlárú, comhlíonadh cánach (íocaíochtaí agus aischuir) do

chuideachtaí agus do dhaoine indibhidiúla féinfhostaithe, struchtúir chánach agus costas an chomhlíonta.

**Párolla a Thuiscint**
Reáchtáladh an seimineár lae seo in oifigí an Bhoird ar an 25ú lá Bealtaine. D'fhreastail cúig úinéir/bhainisteoir air. Bhí an seimineár dírithe orthu siúd a mbíonn gá acu tuiscint a fháil ar na gnéithe riachtanacha a bhaineann lena gcóras párolla féin a rith. Ar na hábhair ar tugadh aghaidh orthu bhí feidhmiú agus ríomhadh ÍMAT, creidmheasa cánach a thuiscint, conas caitheamh le fostaithe nua, riarachán párolla, ríomhadh ÁSPC agus dlí fostaíochta.

**Seimineár ar Bhaincéireacht Leictreonach**
Reáchtáladh an seimineár oíche seo in oifigí an Bhoird ar an 26ú lá Bealtaine agus d'fhreastail fiche dó duine gnó ón gContae air. B'é ba chuspóir leis an seimineár ná béim a chur ar na buntáistí a bhaineann le baincéireacht ar-líne d'úinéir an ghnó bhig. Tugadh seans do na rannpháirtithe ceisteanna a chur agus an deis cuairt a fháil, ar láthair a ngnó, ag oifigeach bainc chun dul tríd an gcóras baincéireachta ar-líne leo.

**Dlí Cuideachtaí**
D'fhreastail seacht nduine gnó ar an seimineár oíche seo a reáchtáladh in oifigí an Bhoird ar an 27ú lá Bealtaine. An aidhm a bhí leis an seimineár ná dul i ngleic leis na dualgais dhlíthiúla atá de shíor ag athrú a théann a théann i gcion ar stiúrthóirí cuideachtaí sa lá atá inniu ann, go háirithe maidir le cuideachtaí beaga.

**Scileanna Idirbheartaíochta**
Reáchtáladh an seimineár lae seo in oifigí an Bhoird ar an 6ú lá Bealtaine. D'fhreastail aon úinéir/bhainisteoir déag ar an gcúrsa, a chuir ar a gcumas scileanna a ghnóthú chun go mbeidís go maith ag an idirbheartaíocht. Dhéileáil an cúrsa le gach céim san idirbheartaíocht, ón gcéim ullmhúcháin go céim an aontaithe.

**Conas Tairiscintí Rathúla a Cheapadh**
Reáchtáladh an seimineár seo in oifigí an Bhoird ar an 22ú lá Meán Fómhair. Ghlac seachtar nduine gnó páirt sa seimineár a raibh mar aidhm aige cuidiú leis na rannpháirtithe doiciméid tairisceana rathúla a cheapadh a rachadh chun sochair a ngnó.

**Earcaíocht & Modhanna Roghnaithe d'Úinéirí/Bhainisteoirí**
Seo seimineár aon-lae a bhí ar siúl in oifigí an Bhoird ar an 19ú lá Bealtaine. D'fhreastail cúigear úinéirí/bainisteoirí ar an seimineár a dhéileáil le gach gné a bhaineann le hearcaíocht agus leis an bpróiseas roghnaithe, ó phróifíliú síciméadrach chuig agallaimh a chur agus measúnú a dhéanamh.

**Bainistíocht Ama**
Reáchtáladh seimineár lae ar Bhainistíocht Ama in oifigí an Bhoird ar an 16ú lá Meitheamh. D'fhreastail ocht nduine gnó ar an seimineár. Ar na hábhair a clúdaíodh bhí tascanna tosaíochta a roghnú, réiteach ar spriocanna, bainistíocht dialainne, bainistíocht gutháin agus an iliomad noda eile chun an saol oibre a éascú.

**Dul le Saincheadúnas**
B'é Cumann Saincheadúnais na hÉireann a rinne ostáil ar an seimineár oíche seo thar ceann an Bhoird Fiontar in Óstán 'Ashbourne House' ar an 27ú lá Deireadh Fómhair. D'fhreastail tríocha dó duine gnó as gach cuid den tír air. Bhí an seimineár dírithe orthu siúd atá ag smaoineamh ar ghnó a bhunú nó ar mhaith leo tabhairt faoi shaincheadúnas. Dhírigh sé ar na príomh-chéimeanna atá i gceist le saincheadúnas a fháil agus chuidigh sé go mór daoine a chur níos mó ar an eolas. Bhí roinnt daoine i láthair a bhfuil saincheadúnas acu, chun a dtaithí féin a roinnt maidir le saincheadúnas a fheidhmiú agus chun aon cheist ar an ábhar a fhreagairt.

**Rialú Creidmheasa do Ghnóthaí Beaga**
Reáchtáladh an seimineár lae seo in oifigí an Bhoird ar an 13ú lá Deireadh Fómhair. D'fhreastail ceithre dhuine gnó ar an seimineár seo a chuaigh i ngleic le gach gné den rialú creidmheasa do ghnóthaí beaga, ó mheasúnú ar riosca creidmheasa chuig íocaíocht thráthúil.

**Dlí Fostaíochta Praiticiúil**
Ceapadh an seimineár lae seo d'úinéirí/bhainisteoirí ar ghnóthaí beaga. Seo a leanas roinnt de na hábhair a clúdaíodh: earcaíocht agus nósanna imeachta roghnaithe, conarthaí fostaíochta, sláinte agus sábháilteacht ar an láthair oibre, dífhostú éagórach, reachtaíocht pinsin agus reachtaíocht ábhartha eile. D'fhreastail aonar déag úinéirí/bainisteoirí air.

**Airgeadas do Bhainisteoirí Neamh-Airgeadais**
D'fhreastail seisear úinéirí/bainisteoirí ar an gceardlann aon-lae seo a reáchtáladh in oifigí an Bhoird ar an 5ú lá Samhain. Bhí an cheardlann dírithe ar úinéirí/bhainisteoirí ar ghá dóibh anailís a dhéanamh ar fheidhmiú a ngnó go rialta. Chuaigh an cheardlann i ngleic, freisin, le rioscaí gnó a aithint. Ar ábhair an chúrsa bhí: prionsabail airgeadais a thuiscint, brí a bhaint as cuntais, anailís a dhéanamh ar na príomh-leabhair cuntais, meastóireacht ar thorthaí agus sreabhadh airgid a bhainistiú.

**Réamhchúrsa i Sláinte agus Sábháilteacht**
D'fhreastail ceithre dhuine gnó ar an gceardlann dhá-lae seo in oifigí an Bhoird ar an 4ú agus 5ú lá Deireadh Fómhair. Ceapadh an cheardlann chun eolas gátarach a chur ar fáil d'fhostóirí agus d'fhostaithe chun a bhfuil de cheangal orthu faoin Acht um Shláinte, Sábháilteacht agus Leas ag Obair, 1999, a chomhlíonadh. Ar na hábhair a ndeachthas i ngleic leo bhí; géilliúlacht dhlíthiúil, cur chun cinn sláinte agus sábháilteachta ar an láthair oibre agus ráiteas sláinte agus sábháilteachta a cheapadh.

**An Leas is Fearr a Bhainte as Aonaigh Thrádála**
D'fhreastail naoi nduine gnó ar an gceardlann aon-lae seo a reáchtáladh ar an 10ú lá Samhain in oifigí an Bhoird. An aidhm a bhí leis an gceardlann ná cuidiú le húinéirí/bainisteoirí na haonaigh trádála iomchuí a roghnú ar a bhfreastalóidís agus an t-uasmhéid gnó a bhaint astu. San áireamh sa cheardlann bhí saintuairiscí, seicliosta a ullmhú agus a chur chun cinn, taispeántais a ullmhú agus táirgí a dhíol agus a chur ar taispeáint ar sheastán.

**Foireann a Bhainistiú go héifeachtach**
Reáchtáladh an dianchúrsa dhá-lae seo in oifigí an Bhoird ar an 17ú lá Samhain. Ceapadh an cúrsa chun na scileanna cuí a chur ar fáil d'úinéirí/bhainisteoirí chun go bhféadfaidís bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar a bhfoireann. Ar an gcéad lá chuathas i ngleic le hábhair ceannaireachta agus tarmligean agus ar an dara lá chuathas i ngleic le forbairt agus inspreagadh na foirne. Cuireadh na rannpháirtithe ar an eolas faoi mhodhanna agus faoi theicnící chun timpeallacht dhearfach oibre a chothú a mbeidh feidhmiú feabhsaithe na foirne mar thoradh air.

**1. Forbairt agus Oiliúint Bainistíochta**

**<u>Cúrsaí Ríomhaireachta</u>**

**Cuntasaíocht Quickbooks & Clár Párolla Collsoft**
Cuireadh tús le clár cuntais ríomhairithe Quickbooks ar an 28ú lá Bealtaine agus cuireadh i gcrích é ar an 18ú lá Meitheamh. Reáchtáladh an clár seo maidin amháin sa tseachtain thar thréimhse cheithre seachtaine chomhleanúnacha. Bhí seisear cláraithe ar an gcúrsa.

**Cuntasaíocht SAGE & Quickpay**
Cuireadh tús leis an gclár cuntais ríomhairithe cúig seachtaine seo ar an Déardaoin, 28ú lá Deireadh Fómhair agus rinneadh reáchtáladh é thar chúig seachtaine chomhleanúnacha. Bhí seisear rannpháirtithe ar an gcúrsa.

## Cúrsaí Gearra

### Clár Scileanna Díolacháin

Seo dianchlár trí-lae i scileanna díolacháin a thosaigh ar an Máirt, 29ú lá Meitheamh agus a chríochnaigh ar an Déardaoin, 1 Iúil. Bhí naonúr rannpháirtithe ar an gclár. Dearadh an cúrsa go speisialta chun a chur ar chumas úinéirí/bainisteoirí micrea-fhiontair agus a bhfoirne cur lena n-eolas ar theicníochtaí éifeachtacha díolacháin ina n-earnálacha tionscail féin.

### Clár Leabharchoimeád

Reáchtáladh clár sé seachtaine leabharchoimeád idir mí Aibreáin agus mí Bealtaine 2004. Ghlac beirt déag ón lucht gnó páirt sa chlár. Tar éis dóibh an clár a chríochnú, bhí rannpháirtithe in ann taifead tráthúil agus cruinn a choimeád ar gach idirbheart airgeadais ina ngó. Tá an clár seo dírithe den chuid is mó ar thrádálaithe aonair agus tá sé mar réamhriachtanas d'éinne ar mhian leis/léi cúrsa i gcuntais ríomhairithe a dhéanamh.

### Clár Margaíochta Seirbhísí

Cuireadh tús leis na gclár ceithre mhí forbartha bainistíochta seo i Meán Fómhair 2004 a ceapadh go speisialta d'úinéirí/bhainisteoirí ar ghnóthaí beaga atá ag feidhmiú san earnáil seirbhísí. Ghlac naonúr úinéirí/bainisteoirí ó earnálacha tionscail éagsúla páirt sa chlár agus cuireadh críoch leis an gclár ar an 14ú Feabhra, 2005 le cur i láthair ar phleananna margaíochta ag Institiúid Margaíochta na hÉireann. Bhronn an Institiúid Margaíochta Teastas i gCleachtais Mhargaíochta ar rannpháirtithe.

# Aguisín 1

Is féidir suas le ceithre Stiúrthóir déag a bheith ar Bhord Stiúrtha Bhord Fiontar Contae na Mí Teo. ó réimsí éagsúla ar fud an chontae ar nós: tionscal, eagraíochtaí Stáit, grúpaí deonacha agus pobail agus ionadaithe áitiúla.

Roinneann Stiúrthóirí an Bhoird uile a gcuid ama agus díograise go deonach leis an mBord, chun cuidiú leis a aidhmeanna a bhaint amach.

Cuireann Coiste Meastóireachta speisialta comhairle ar an mBord maidir leis an méid agus an sórt cúnamh deontais ar chóir a bhronnadh ar iarratasóirí deontais. Tá baill ar an gCoiste Meastóireachta, a bhfuil saintaithí acu ar bhaincéireacht agus ar chuntasóireacht agus taithí acu maidir le moltaí ar thionscadail a mheas ó thaobh caighdeáin, ó thaobh ábharthacht áitiúil agus ó thaobh costéifeachta de.

**Ballraíocht Bhord Fiontar Contae na Mí Teo. ar an 31 Nollaig, 2004**

| | |
|---|---|
| Tom Dowling | Cathaoirleach |
| Pauline Baker | Tionscal |
| Michael Byrne | FÁS |
| Dermot Collier | Pobal |
| Michael Callaly | Fiontraíocht Éireann |
| Bart Cunningham | Tionscal |
| Pat Coogan | Feirmeoireacht |
| An Comhairleoir Noel Leonard | Comhairle Contae na Mí |
| John King | I.C.T.U. |
| An Comhairleoir Eugene Cassidy | Comhairle Contae na Mí |
| An Comhairleoir Pat Boshell | Comhairle Contae na Mí |
| An Comhairleoir Alison Boyle | Comhairle Contae na Mí |
| Maureen Rennicks | Tionscal |
| John Fanning | Meath Leader |

**Foireann**

| | |
|---|---|
| Hugh Reilly | Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin |
| Caroline Lynch | Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin Cúnta |
| Lorna Cooney | Comhairleoir Gnó |
| Marie Yore | Riarthóir Oifige |
| Nicola Carmody | Cléireach Clóscríobhaí |
| Sean Lynch | Meath Leader |

**Coiste Meastóireachta**

| | |
|---|---|
| Jim Donnellan | Cathaoirleach |
| Maria Gavin | Fiontraíocht Éireann |
| Pat Hamell | Bainisteoir Bainc |
| David McHugh | Bainisteoir Bainc |
| Michael McHugh | Teagasc |
| Dermot Mulvihill | Cuntasóir Cairte |

**Cairt Seirbhíse Cliaint**

Ní dhearnadh aon ghearán leis an mBord faoi théarmaí tagartha na Cairte Seirbhíse Cliaint.

# Aguisín 2

## Critéir Riachtanacha chun Cúnamh Deontais a fháil

Seo a leanas na deontais a chuireann Bord Fiontar Contae na Mí ar fáil do thionscadail inghlactha:

**Deontais le haghaidh Staidéir Féidearthachta**

Suas le 50% de chostas an staidéir go huasmhéid €5,100.

**Deontais Chaipitil**

Suas le 50% den eisíoc caipitil go huasmhéid €75,000;

**nó**

**Deontais Fostaíochta**

Suas le €7,500 ar gach post lánaimseartha nua a chruthaítear agus méid *pro-rata* do phost páirtaimseartha

Is féidir leis an mBord an maoiniú, mar atá sonraithe thuas, a chur ar fáil i bhfoirm páirt-inaisíoctha (de ghnáth 50%) le státchairde dhá bhliain ar aisíocaíochtaí.

- Caithfidh na tionscadail a fhaomhtar a bheith san earnáil ghnó, caithfidh siad margadh soiléir a bheith acu agus caithfidh siad a bheith in inmhe inmharthanacht eacnamaíochta a bhaint amach gan cúnamh leanúnach a fháil ón Státchiste ná ón Aontas Eorpach.

- Caithfidh na tionscadail seo a bheith beag go leor .i. ní cóir go sáródh an costas infheistíochta iomlán €150,000.

- Ba chóir go gcuirfeadh na tionscadail seo fostaíocht de shaghas éigin ar fáil, nó ar a laghad ranníocaíocht a dhéanamh go díreach chun fostaíocht a chothabháil i bhfiontair bheaga atá cheana féin ar bun.

- Ní cóir go gcuirfeadh na tionscadail seo isteach ar ghnóthaí beaga dá macasamhail sa cheantar ná ní cóir go mbeidís i gcomórtas leo.

- Ba chóir go mbeadh na tionscnóirí tionscadail ábalta a léiriú go bhfuil an inniúlacht acu maoiniú foriomlán leordhóthaineach a fháil chun an tionscadal a chur i gcrích agus chun bainistíocht a dhéanamh ar an bhfiontar go leanúnach.

- Caithfidh na tionscnóirí tionscadail na dualgais reachtúla maidir le himréiteach cánach agus le hábhair ghaolmhara a chomhlíonadh.

# Aguisín 3

## An Próiseas Iarratais agus Faofa

An Chéad Teagmháil le hOifig an Bhoird Fiontar

↓

An Chéad Iarratas ar Chúnamh Deontais

↓

Iarratas a Chomhlánú le hOifigeach Fiontar Contae

↓

Moladh ón gCoiste Meastóireachta

↓

Faomhadh an Bhoird

↓

Litir Thairisceana & Conradh

Déanann Bord Fiontar Contae na Mí Teo. a dhícheall an próiseas iarratais agus faofa a bheith chomh simplí agus is féidir, ach fós féin lán-fhreagracht a chinntiú maidir le húsáid chistí an Státchiste agus an Aontais Eorpaigh. Bíonn tréimhse feithimh ceithre go hocht seachtaine ann sula dtugtar freagra ar iarratasóirí a chuir iarratas comhlánaithe ar chúnamh deontais isteach chuig an mBord.

# Aguisín 4

# Deontais a Faomhadh 2004

## Deontais Chaipitil

| Ainm | Cur síos ar an Tionscadal | Faofa |
|---|---|---|
| Horticulture Ireland Ltd | Lucht oibre a sholáthar don tionscal gairneoireachta | €1,315 |
| Barry Drennan | deisiú/seirbhísiú ar threalamh speisialtóireachta gailf | €4,800 |
| Rotech Precision Engineering Limited | Beacht-Innealtóireacht | €20,000 |
| Oakes Dental Laboratory | Saotharlann Fiaclóireachta | €24,630 |
| Sales Focus | Seirbhísí Ionaid Glaonna do Fhiontair Bheaga agus Mheánacha Éireannacha | €30,000 |
| Royal Plus Limited | Ionad imeartha laistigh do leanaí | €50,000 |
| John O'Sullivan | Déantúsaíocht ar scannáin thanaí cosanta do mhótar-fheithicil | €8,800 |
| **Iomlán** | | **€139,545** |

# Deontais a Faomhadh 2004

## DEONTAIS FOSTAÍOCHTA

| Ainm | Cur síos ar an Tionscadal | Faofa |
|---|---|---|
| Angel Faces Creche | Áis Chúraim Leanaí | €25,000.00 |
| Sandy's Creche | creche & montessori | €35,000.00 |
| Dynamic Network Solutions | Suiteáil ar ghréasáin teileachumarsáide | €11,350.00 |
| Windmill Nursery | Áis Chúraim Leanaí | €17,500.00 |
| J&S Weir | Díolacháin/deisiú/cothabháil ar threalamh gairdín | €5,000.00 |
| Horticulture Ireland Ltd | Lucht oibre ar chonradh a sholáthar don tionscal gairneoireachta | €10,000.00 |
| Boyne Computer Solutions | Cúnamh Teicniúil TF | €4,000.00 |
| John & Philip Daly | Déantúsaíocht agus soláthar ar threalamh gluaisteáin | €6,000.00 |
| All Sewn Up | Fuáil agus athruithe | €6,000.00 |
| **Iomlán** | | **€119,850.00** |

# DEONTAIS A FAOMHADH 2004

## STAIDÉIR FÉIDEARTHACHTA / CÚNAMH TEICNIÚIL

| Ainm | Cur Síos ar an Tionscadal | Faofa |
|---|---|---|
| Richard Colgan | Déantúsaíocht ar mharmair mhúnla athdhéanta, ar eibhear, ard-dhlúsaithe agus ar Oinisc | €4,000.00 |
| Mimi Toys | Bréagáin do leanaí faoi mhíchumas forbartha | €5,000.00 |
| Stonemac Limited | Cur i bhfeidhm ar stiallacha tormáin ar bhóithre | €1,500.00 |
| Betty Newman Maguire | Dealbhóireacht | €1,613.00 |
| **Iomlán** | | **€12,113.00** |